



## Baill GUE/NGL den Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe i bParlaimint na hEorpa



Alfreds RUBIKS (LV)  
GUE/NGL Coordinator



Patrick LE HYARIC (FR)

Chun breis sonraí a fháil maidir leis an eolas atá sa bhileog seo, téigh i dteagmháil le: [antons.klindzans@europarl.europa.eu](mailto:antons.klindzans@europarl.europa.eu)  
[myriam.losa@europarl.europa.eu](mailto:myriam.losa@europarl.europa.eu)  
[katie.murphy@europarl.europa.eu](mailto:katie.murphy@europarl.europa.eu)

Is grúpa cónasctha é GUE/NGL i bParlaimint na hEorpa ina bhfuil 34 FPE ó 12 Bhallstát AE ag obair ar son síochána, dlúthpháirtíochta, ceartais shóisialta, comhionannais, daonlathais agus ceart daonna san Eoraip agus lasmuigh di.

Aontas Clé na hEorpa / Na Glasaigh Chlé Nordacha (GUE/NGL)  
Parlaimint na hEorpa  
rue Wiertz 43, B-1047 An Bhruiséil  
T +32-(0)228-42683  
F +32-(0)228-41774

Arna tháirgeadh ag Aonad Cumarsáide an GUE/NGL:  
[GUENGL-Communications@europarl.europa.eu](mailto:GUENGL-Communications@europarl.europa.eu)  
Grianghraif: Parlaimint na hEorpa, An Comisiún Eorpach, iStockphoto  
Dearadh: Dominique Boon  
Clódóir: Dossche Printing  
©GUE/NGL – An Bhruiséil, 2011  
Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte



AONTAS CLÉ NA HEORPA / NA GLASAIGH CHLÉ NORDACHA  
PARLAIMINT NA HEORPA



# Ag tacú le feirmeoirí beaga, tomhaltóirí agus an comhshaol

## Plean do leasú cothrom CBT



AONTAS CLÉ NA HEORPA / NA GLASAIGH CHLÉ NORDACHA  
PARLAIMINT NA HEORPA

### Eochairéilimh GUE/NGL do leasú CBT:

- an ceart do bhia, do cheartas bia agus do shábháilteacht bhia a chur i bhfeidhm mar phrionsabal;
- tús áite a thabhairt d'acmhainneacht tíortha a dtáirgeacht a fhorbairt do riachtanais náisiúnta nó réigiúnach bia, de réir thréithe sainiúla gach tír;
- go mbeadh táirgeacht de bhia sláintiúil d'ardchaighdeán de réir chosaint an chomhshaoil mar phríomhaidhm an CBT;
- an prionsabal réamhchúraim i leith OGM a chur i bhfeidhm i bhfianaise a rioscaí sláinte, comhshaoil agus socheacnamaíochta;
- speicis OGM a tugadh isteach cheana féin mar gheall ar bhrú ó chuideachtaí ilnáisiúnta a aistarraingt;
- solúbthacht agus soiléireacht sa chur i bhfeidhm.

## CBT cothrom, simplí agus solúbtha

Creideann an Grúpa Cónasctha den Chlé Aontaithe Eorpach agus den Chlé Ghlas Nordach (GUE/NGL) i bParlaimint na hEorpa gur chóir go mbeadh cinnteacht daoine ina gceannas bia agus i slándáil bia mar sprioc sháraitheach an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT).

Cuireann GUE/NGL béim ar dhualgas rialtais an ceart daonna bunaidh seo a chosaint, a urramú agus a chomhlíonadh, a fhad is a chinntíonn siad go gcuireann a leithéid de bheartais le cosaint an chomhshaoil agus nach ndéanann siad dochar do thíortha i mbéal forbartha.

Chun é sin a bhaint amach, tá creatlach do bheartas talmhaíochta de dhíth a chuimsíonn na córais táirgthe shainiúla i ngach tír agus réigiún; a thacaíonn le táirgeoirí beaga agus atá rialaithe ar fud an tslabhra soláthair bhia; agus a ráthaíonn praghas cothrom do tháirgeoirí agus a threisiú margáí áitiúla.

Tá sé riachtanach go mbeidh an CBT leasaithe solúbtha agus go gcuimseoidh sé na cultúir éagsúla feirmeoireachta agus tuaithe de bhallstáit. Tá simpliú den CBT riachtanach freisin do reachtóirí agus do thairbhíthe araon.

Ba chóir go n-aithneodh aon leasú an chaoi ar féidir le feirmeoirí cur leis an gcomhrac in aghaidh athrú aeráide agus ba chóir go n-áireofaí ionstraimí chun an t-ocras a chosc agus ithirhorthúlacht agus bithéagsúlacht a chosaint. Faoi dheireadh, ní mór do na ballstáit torthaí de gach staidéar a bhaineann le contúirtí agus le buanna lotnaidicídí nó modhanna feirmeoireachta nua a chur ar fáil go poiblí.

Ba chóir go mbeadh scéimeanna bia a dhíríonn ar agus a chinntíonn go leor bia maith do dhaoine díothacha mar chuid de bheartas talmhaíochta Eorpach freisin agus ní mór é a chumhdach laistigh de chreatlach shlán reachtaíochta.



## Ceist dhomhanda

Cuireann amhantraíocht airgeadais agus dírialú margaidh go mór le hocras agus le bochtaineacht. Is cúis iad le méaduithe uafásacha i bpraghsanna talmhaíochta a chuireann le fadhbanna inrochtaineachta ansin, go háirithe dóibh siúd gan ioncam nó dóibh siúd ar ioncam íseal.

Tá an ghéarchéim bia reatha, atá go hainnis ar fad i gCorn na hAfraice, ann mar thoradh ar níos mó amhantraíochta i dtráchtaraí talmhaíochta agus ar choigeartaithe struchtúracha CAI agus an Bhainc Dhomhanda.

Tá an earnáil bia ag comhchruinniú ar chuideachtaí ilnáisiúnta níos mó ná riamh cheana. Tá na cuideachtaí ilnáisiúnta á rialú agus ag déanamh brabús ollmhór a fhad is atá custaiméirí ag íoc praghsanna roinnt uaire níos airde ná na praghsanna a thugtar do tháirgeoirí. Leis an rialú seo cruthaítear coinníollacha a ligean do mhéadú tapa in allmhairí agus bíonn an-rath ar ghníomhaíocht amhantrach. Tugann sé seo seasamh ceannasach do chuideachtaí móra bia agus miondíola agus mar sin, bíonn tionchar díreach aige ar cheannas bia.

Creideann GUE/NGL gur chóir don talmhaíocht a bheith díolmhaithe ó rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála a chothaíonn an comhchruinniú de tháirgeacht i réigiúin agus i dtíortha ar leith.

## Ag tacú le feirmeacha beaga agus meánmhéide

Léiríonn an ghéarchéim bia go bhfuil géarghá le rialú i bhfabhar feirmeacha beaga agus meánmhéide. Ní foláir go gcinnteodh aon leasú den CBT go bhfaigheadh na feirmeoirí sin toradh cothrom as a dtáirgí.

Ba chóir go mbeadh an biashlabhra go hiomlán trédhearcach agus níor chóir go ndíolfaí táirgí talmhaíochta faoina luach. Níor chóir go mbeadh slí bheatha feirmeoirí beaga faoi stiúir cuideachtaí móra agus ní mór ombudsmana náisiúnta a chur ar bun chun biashlabhra cothromasach a chuireann slándáil fhadtéarmach agus seasmhacht praghas do tháirgeoirí san earnáil agraibhia ar fáil a chinntiú agus a choinneáil.

Ní foláir go n-oibreodh aon ionstraimí margaidh chun na príonsabail sin a chosaint, ag tacú le feirmeoirí beaga agus comharchumainn agus ag cobhsú a gcuid ioncam. Ba chóir aon leasú a dhíriú go docht ar fheirmeoirí gníomhacha agus ba chóir go mbeadh ballstáit in ann a sainmhíniú féin a cheapadh agus a chur i bhfeidhm maidir le céard is feirmeoir 'beag' nó 'gníomhach' ann.

Teastaíonn ó GUE/NGL uasmhéid de €100,000 a bheith ar íocaíochtaí díreacha le deimhniú go ndéanfaí roinnt chothrom ar bhuiséad CBT. Is cuid lárnach é íosioncam d'fheirmeoirí beaga freisin d'aon leasú.

Is cúis inné do GUE/NGL freisin na forbairtí i leasú an CBT reatha agus diúltaíonn siad do bhreis dírialála agus iarrachtaí i dtreo cur chuige na dianfheirmeoireachta, a chiallódh ciorruithe do tháirgeoirí beaga.

Creideann GUE/NGL gur chóir go gcuimseodh Beartas Talmhaíochta fócas ar fheirmeoireacht inbhuanaithe agus ar chomharchumainn, mar aon le toil pholaitiúil chun tús áite a thabhairt do thrádáil áitiúil agus réigiúnach.